C/2026/1459

31.3.2026

P10_TA(2025)0164

Leasú a dhéanamh ar Rialachán (AE) 2023/1542 a mhéid a bhaineann le hoibleagáidí ar oibreoirí eacnamaíocha i dtaca le beartais díchill chuí maidir le ceallraí

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 10 Iúil 2025 ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/1542 a mhéid a bhaineann le hoibleagáidí ar oibreoirí eacnamaíocha i dtaca le beartais díchill chuí maidir le ceallraí (COM(2025)0258 – C10-0089/2025 – 2025/0129(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

(C/2026/1459)

Tá Parlaimint na hEorpa,

— ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2025)0258),

— ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C10-0089/2025),

— ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 18 Meitheamh 2025 ([1]),

— ag féachaint do Riail 60 dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um an gComhshaol, um an Aeráid agus um Shábháilteacht Bia (A10-0134/2025),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

([1]) Nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil.

P10_TC1-COD(2025)0129

Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 10 Iúil 2025 chun go nglacfaí Rialachán (AE) 2025/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/1542 a mhéid a bhaineann le hoibleagáidí ar oibreoirí eacnamaíocha i dtaca le beartais díchill chuí maidir le ceallraí

(Ós rud é gur tháinig an Pharlaimint agus an Chomhairle ar chomhaontú, comhfhreagraíonn seasamh na Parlaiminte don ghníomh reachtach críochnaitheach, Rialachán (AE) 2025/1561.)